Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Meitheamh 2025**
**(OR. en)**

**9417/25**

**SOC 316**
**EMPL 200**
**ECOFIN 602**
**EDUC 183**
**GENDER 95**
**SAN 308**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Coiste Fostaíochta |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Tuairim ón gCoiste Fostaíochta maidir leis na gnéithe a bhaineann le cáilíocht poist<br>*– Cur i láthair ó Chathaoirleach an Choiste Fostaíochta* |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, i gceangal leis seo, an Tuairim thuasluaite d'fhonn í a bheith curtha i láthair ag an seisiún den Chomhairle (EPSCO) an 19 Meitheamh 2025.

**An Coiste Fostaíochta**

an 5 Meitheamh 2025

**Tuairim ón gCoiste Fostaíochta maidir leis na gnéithe a bhaineann le cáilíocht poist**

## 1. Comhthéacs

**Tá an Coiste Fostaíochta (EMCO) ag tnúth leis an tionscnamh atá le teacht le haghaidh *Treochlár um Poist ar Ardchaighdeán* a thíolacfaidh an Coimisiún Eorpach ag deireadh 2025.** I gcomhréir le Clár Oibre Straitéiseach 2024-2029, d'iarr an Chomhairle Eorpach i mí Aibreáin 2024 go n-áiritheofaí cur chuige comhtháite i ngach réimse beartais chun táirgiúlacht agus fás inbhuanaithe cuimsitheach a mhéadú ar fud na hEorpa. Ba cheart a áireamh leis sin poist ardcháilíochta a chothú, trí dhlús a chur le saothrú phríomhspriocanna 2030 trí idirphlé sóisialta treisithe, rannpháirtíocht mhéadaithe sa mhargadh saothair, chomh maith le hathsciliú/uas-sciliú agus foghlaim ar feadh an tsaoil, d'fhonn dul i ngleic le bearnaí scileanna agus saothair i gcomhthéacs na dtreochtaí déimeagrafacha atá ann faoi láthair.[1] I nDearbhú Bhúdaipeist a shínigh Ceannairí an Aontais i mí na Samhna 2024[2], cuireadh fáilte roimh Thuarascáil Draghi maidir le todhchaí iomaíochas na hEorpa, inar sainaithníodh poist ardcháilíochta a chruthú agus aghaidh a thabhairt ar ghanntanais scileanna mar phríomhghníomhaíochtaí cumasúcháin chun samhail nuálaíochta an Aontais a fheabhsú.[3] I gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh, cuirtear i dtábhacht cheana féin sna Treoirlínte Fostaíochta is déanaí a ghlac an Chomhairle i mí na Nollag 2024 gur cheart do na Ballstáit infheistíocht i gcruthú post ardcháilíochta a éascú agus tacú léi.[4]

---

1 Conclúidí ón gComhairle Eorpach, an 18 Aibreán 2024.

2 Dearbhú Bhúdaipeist i ndáil leis an gComhaontú Nua maidir le hIomaíochas na hEorpa, an 8 Samhain 2024.

3 Féach, go háirithe, Caibidlí 1 agus 2 de Chuid A agus Ranna 2.1 agus 2.2 de Chuid B de Thuarascáil Draghi, an 9 Meán Fómhair 2024.

4 Cinneadh (AE) 2024/3134 ón gComhairle an 2 Nollaig 2024 maidir le treoirlínte le haghaidh bheartais fostaíochta na mBallstát.

**Tá sé ríthábhachtach cáilíocht poist a chothú chun tiomantas an Aontais do gheilleagar sóisialta margaidh ina bhfuil iomaíocht ghéar a chomhlíonadh, arb é is aidhm dó lánfhostaíocht agus dul chun cinn sóisialta a bhaint amach (Airteagal 3 CAE).** Is príomhspreagthaí freisin iad cruthú post ardcháilíochta agus forbairt lucht saothair ardoilte d'iomaíochas agus d'fhás an Aontais trí acmhainneacht táirgiúlachta agus athléimneachta an Aontais a mhéadú agus trí speisialtóireacht in earnálacha ard-bhreisluacha a neartú. Leagtar béim i bprionsabail Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta ar an ngá atá le pá cóir agus dálaí córa oibre a áirithiú agus, ag an am céanna, comhdheiseanna a chur chun cinn agus daoine a chosaint ar rioscaí sóisialta. Is fearr is féidir le lucht saothair atá oilte agus spreagtha ar feadh an tsaoil oibre freastal ar na héilimh a bhaineann le margadh saothair atá ag athrú go tapa agus á mhúnlú ag an aistriú glas agus ag an aistriú digiteach, lena gceanglaítear ar oibrithe na scileanna is gá sa gheilleagar glas a bheith acu agus tacú le glacadh leanúnach teicneolaíochtaí nua. Ina theannta sin, ós rud é go meastar go dtiocfaidh laghdú ar dhaonra an Aontais atá in aois oibre sna blianta amach romhainn, trí cháilíocht na bpost a mhéadú, is féidir feabhas a chur ar an aistriú ó phost go post agus ar an rannpháirtíocht sa mhargadh saothair agus rannchuidiú le saol oibre níos faide, agus ar an gcaoi sin, a áirithiú gur féidir le gnólachtaí rochtain a fháil ar an tallann a theastaíonn uathu chun leanúint de bheith iomaíoch ar scála domhanda, rud a rachaidh chun tairbhe d'oibrithe agus don tsochaí ina hiomláine freisin. Is féidir le tionscnaimh ar gach leibhéal – ón leibhéal áitiúil go dtí an leibhéal náisiúnta agus an leibhéal Eorpach – rannchuidiú le poist ardcháilíochta a áirithiú. Ag féachaint don tiomantas d'iomaíochas an Aontais, ba cheart aird chuí a thabhairt ar chomhréireacht agus coimhdeacht tionscnamh nua. Thairis sin, ba cheart aird chuí a thabhairt ar éagsúlacht na gcóras náisiúnta agus ar ról agus neamhspleáchas na gcomhpháirtithe sóisialta in aon tionscnamh ar leibhéal an Aontais.

**Go luath in 2025, ag tógáil ar an obair a rinne EMCO agus a Ghrúpa Táscairí roimhe seo, rinne an Coiste machnamh ar an ngá atá le gnéithe a bhaineann le 'cáilíocht poist' a choincheapú ar bhealach níos fearr i bhfianaise an chomhthéacs shocheacnamaíoch atá ann faoi láthair.**[5] Ar bhonn na ngnéithe beartais a shainaithnítear sa Tuairim sin agus a bhfuil achoimre orthu san Iarscríbhinn, iarrtar ar an nGrúpa Táscairí an creat faireacháin atá ann cheana a thabhairt cothrom le dáta faoin gcéad ráithe de 2026 d'fhonn na táscairí is iomchuí a shainaithint chun gnéithe beartais na cáilíochta poist a thomhas, i gcomhar le Foghrúpa Táscairí an Choiste um Chosaint Shóisialta maidir leis an ngné den chosaint shóisialta. Iarrtar ar an gCoimisiún an Tuairim sin a chur san áireamh agus an *Treochlár um Poist ar Ardchaighdeán* agus an *Plean Gníomhaíochta* nua *um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta,* atá le cur i láthair faoi dheireadh na bliana, á n-ullmhú aige.

## 2. Príomhghnéithe na cáilíochta poist

**Is coincheap ilghnéitheach í an cháilíocht poist lena gcuimsítear tosca éagsúla a mhúnlaíonn folláine agus cearta daoine aonair san ionad oibre a mbíonn tionchar acu ar thorthaí eacnamaíocha agus sochaíocha ó thaobh táirgiúlachta, iomaíochais, ioncaim agus comhtháthú sóisialta de.** Tá tionchar ag athruithe struchtúracha sa mhargadh saothair ar an gcáilíocht poist, lena n-áirítear digitiú méadaitheach na hoibre, glasú an gheilleagair, forbairt conarthaí fostaíochta agus cineálacha oibre agus cultúir athraitheacha san ionad oibre, agus tá tionchar ag luachanna agus spriocanna sochaíocha níos leithne uirthi freisin, amhail an neamh-idirdhealú agus comhionannas deiseanna. Téann an dinimic sin i bhfeidhm ar ghnéithe traidisiúnta de cháilíocht poist, amhail pá, dálaí oibre, slándáil poist, agus rochtain ar chosaint shóisialta, ach freisin ar cheisteanna ar nós cothromaíocht oibre is saoil, strus agus rioscaí síceasóisialta, neamhspleáchas, rochtain ar oiliúint agus deiseanna forbartha gairmiúla chomh maith le dinimic chómhargála. Le déanaí, tá dul chun cinn teicneolaíoch tar éis saol na hoibre a athrú trí chineálacha nua uathoibrithe tascanna, samhlacha oibre cianda agus hibridí, intleacht shaorga agus bainistiú de réir algartam a thabhairt isteach, a mbíonn tionchar acu uile freisin ar phatrúin ama oibre, ar neamhspleáchas oibrithe, agus ar na scileanna is gá chun a gcúraimí a dhéanamh, rud a chuireann gné bhreise leis na breithnithe cáilíochta poist. Ag an am céanna, is féidir le hardteicneolaíochtaí digiteacha, amhail an intleacht shaorga, oibrithe a chumasú freisin agus, ar an gcaoi sin, folláine agus cáilíocht poist daoine aonair a mhéadú.

[5] Tar éis an phlé a rinneadh sna blianta roimhe sin, in 2013, tháinig an Grúpa Táscairí ar chomhaontú maidir le modúl i ndáil le cáilíocht poist a chur leis an gComhchreat Measúnúcháin ina bhfuil tacar táscairí ábhartha. Léiríodh an modúl in eagrán 2017 den Mhonatóir ar Fheidhmíocht na Fostaíochta.

**D’fhéadfadh deacrachtaí maidir le forfheidhmiú dlí saothair a áirithiú tionchar a imirt ar cháilíocht poist freisin, i gcomhthéacs shoghluaisteacht an lucht saothair freisin.** An cumas neamhchomhlíonadh, calaois agus mí-úsáid a bhrath, chomh maith le hacmhainneacht na gcigireachtaí saothair náisiúnta a mhéadú agus feabhas a chur ar an gcomhar trasteorann eatarthu, go háirithe i réimsí na fochonraitheoireachta, na n-idirghabhálaithe agus na hoibre gníomhaireachta, tá an méid sin ríthábhachtach chun dálaí oibre agus maireachtála a fheabhsú, do náisiúnaigh an Aontais agus do náisiúnaigh tríú tír, lena n-áirítear deireadh a chur le hobair neamhdhearbhaithe agus thearcdhearbhaithe. Tá sé tábhachtach comhairle agus tacaíocht a thabhairt d’fhostaithe, lena n-áirítear oibrithe taistil an Aontais chomh maith le náisiúnaigh tríú tír, chun a gcearta a dhearbhú go héifeachtach. D’fhéadfadh cáilíocht poist a bheith faoi bhrú freisin le linn próisis athstruchtúrúcháin, nuair a bhíonn bainistiú an athraithe agus ullmhúcháin faoina chomhair, chomh maith leis an idirphlé sóisialta agus an chómhargáil, ríthábhachtach chun aistrithe córa a áirithiú agus chun poist ardcháilíochta a chosaint agus a chruthú.

**Sa chomhthéacs sin, chun cáilíocht poist a choincheapú, tá gá le creat lena léirítear tosca seanbhunaithe agus tosca atá ag teacht chun cinn araon.** Ar bhonn an phlé a rinneadh le déanaí in EMCO, ba cheart na gnéithe beartais seo a leanas a bheith ábhartha go háirithe chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht na bpost i margadh saothair an lae inniu:

- **Is gnéithe idirspleácha iad *tuilleamh leordhóthanach, pá cóir agus dálaí córa oibre, forbairt scileanna, dul chun cinn gairme* agus *slándáil poist* a chruthaíonn, nuair a chuirtear le chéile iad, fáinne óir de chumhachtú pearsanta, táirgiúlacht agus fás eacnamaíoch.**

i. Nuair a fhaigheann oibrithe tuilleamh leordhóthanach agus pá cóir a léiríonn luach a saothair, cuirtear lena bhféinmhuinín agus faigheann siad níos mó dreasachtaí freisin chun a gcuid scileanna a fhorbairt agus chun páirt a ghlacadh in oiliúint ardcháilíochta, lena n-áirítear le linn am oibre, rud a bhfuil tionchair dhearfacha bhreise aige ar a dtáirgiúlacht agus ar a ndul chun cinn gairme, go háirithe d’oibrithe ar bheagán oiliúna. Cuireann struchtúir chóra phá agus córais aitheantais agus luaíochta le spreagadh agus le sásamh fostaíochta. Is féidir le hoibrithe oilte a chur ar chumas gnólachtaí a dtáirgiúlacht a fheabhsú freisin tríd an nuálaíocht a neartú (e.g. trí infheistíocht a dhéanamh i dtrealamh agus i dteicneolaíocht nua) seachas costais saothair a laghdú. Is príomhthoisc í forbairt scileanna oibrithe chun úsáid tháirgiúil a bhaint as ardteicneolaíochtaí digiteacha amhail an intleacht shaorga. Dá réir sin, tacaíonn fás marthanach táirgiúlachta le fás pá inbhuanaithe.

ii. A bhuí leis an bhfostaíocht shlán — lena n-áirítear fostaíocht atá slán ar an riosca a bhaineann le hobair pháirtaimseartha ainneonach agus a áirithíonn an t-aistriú i dtreo conarthaí neamhiata — agus le cosaint shóisialta atá leordhóthanach, treisítear an timthriall sin tríd an riosca a laghdú d'oibrithe go mbeidh siad dífhostaithe nó go mbeidh éiginnteacht/athraitheacht ioncaim acu. Ina theannta sin d'fhéadfadh an méid sin iad a spreagadh a thuilleadh chun páirt a ghlacadh in oiliúint agus i bhforbairt scileanna a bhuí le deiseanna níos fearr maidir le dul chun cinn gairme agus imní níos lú maidir le leochaileacht eacnamaíoch.

iii. Leis an timthriall sin — ina gcuireann tuilleamh leordhóthanach agus pá cothrom, deiseanna oiliúna ardcháilíochta agus slándáil fostaíochta, ina gcuireann siad sin borradh faoi fhorbairt scileanna agus feabhas ar an infhostaitheacht agus ar an dul chun cinn gairme — cothaítear sásamh an duine aonair agus is féidir rannchuidiú le fás eacnamaíoch níos cuimsithí agus níos inbhuanaithe. Déanann sé amhlaidh go háirithe tríd an lucht saothair a bheith níos spreagtha, níos táirgiúla agus níos dinimiciúla, rud a thagann leis an ngá le hath-leithdháileadh lucht saothair i dtreo earnálacha mearmhéadaitheacha a éascú agus coinneáil suas le glacadh teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn i ngeilleagar an-iomaíoch.

- **Is bonn an méid a leanas leis an bhforbairt phearsanta agus ghairmiúil araon, chomh maith leis an rath eagraíochtúil: *timpeallacht oibre atá sábháilte agus sláintiúil*, *folláine san ionad oibre*, *na socruithe ama oibre* is fearr is féidir, *cothromaíocht oibre is saoil*, agus *neamhspleáchas poist*.**

i. Is le cur chun feidhme dian na rialacha sláinte agus sábháilteachta ag an obair a chosnaítear daoine aonair le linn shaolré na hoibre ar ghuaiseacha ceirde, ar thionóiscí ag an obair agus ar rioscaí sláinte fadtéarmacha (amhail nochtadh do shubstaintí díobhálacha nó dálaí adhaimsire), agus is le bearta cuimsitheacha chun ciapadh a chosc agus rioscaí síceasóisialta a bhainistiú a chaomhnaítear an mheabhairshláinte a thuilleadh ag an obair.

ii. Nuair a dhéantar am oibre a struchtúrú chun go mbeidh ag oibrithe sceidil intuartha, solúbthacht leordhóthanach, agus ceart chun dícheangail, is fearr is féidir le hoibrithe cothromaíocht a choinneáil idir freagrachtaí gairmiúla agus an saol pearsanta. Ina theannta sin, trí neamhspleáchas agus solúbthacht a thabhairt d'fhostaithe maidir leis an gcaoi a mbainistíonn siad a gcúraimí, cothaítear cruthaitheacht agus cuntasacht, rud a d'fhéadfadh feabhas breise a chur ar a sástacht fostaíochta agus ar a dtáirgiúlacht agus na leibhéil struis a ísliú. I bhfianaise forbairtí teicneolaíocha, lena n-áirítear i gcomhthéacs an bhainistithe algartamaigh, tá sé ríthábhachtach leanúint dá áirithiú go ndéantar faireachán agus faireachas agus cearta na n-oibrithe á n-urramú go hiomlán.

iii. Rannchuidíonn na tosca sin, atá fite fuaite ina chéile, le laghdú ar an neamhláithreacht, ar thionóiscí ag an obair agus ar an ráta traochta, rud a d'fhéadfadh caiteachas ar shláinte phoiblí a laghdú agus timpeallachtaí oibre a chothú ar feadh shaolré na hoibre ar bhealach atá níos fabhraí don nuálaíocht agus don fhás táirgiúlachta.

- **Is cumasóirí cothrománacha ríthábhachtacha iad *ionadaíocht leasa chomhchoitinn*, *comhionannas inscne agus comhdheiseanna*, agus *an t-aistriú ó obair neamhdhearbhaithe agus thearcdhearbhaithe go dtí an fhostaíocht fhoirmiúil*, agus is leis na nithe sin a chruthaítear margadh saothair cóir agus cuimsitheach lena n-aithnítear agus lena gcúitítear rannchuidiú an uile dhuine.**

i. Ní mór comhpháirtithe sóisialta láidre neamhspleácha a bheith ann le haghaidh na cómhargála agus an idirphlé shóisialta. Maidir le cearta na n-oibrithe agus a n-ionadaithe chun faisnéise, comhairliúcháin agus rannpháirtíochta, tá na cearta sin ríthábhachtach chun tacú le hoiriúnú cuimsitheach do na dúshláin atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn i margadh saothair na hEorpa, chun a chur ar a gcumas ról gníomhach a bheith acu maidir leis an aistriú digiteach agus an t-aistriú glas a bhainistiú agus ullmhú faoina gcomhair, agus chun rannchuidiú le dáileadh cothrom na dtairbhí eacnamaíocha a eascraíonn as táirgiúlacht níos airde tríd an gcómhargáil. Is den tábhacht go ndéantar ionadaíocht chomhchoiteann éifeachtach ar leasanna na bhfostaithe agus go mbíonn siad rannpháirteach sa mhéid sin chun gach gné de phoist ardcháilíochta a éascú.

ii. Trí chomhionannas inscne agus comhionannas deiseanna a áirithiú — gan beann ar chúlra ná ar shaintréithe pearsanta — is féidir le gach duine rochtain a fháil ar phoist ardcháilíochta, fanacht i bpoist ardcháilíochta agus a ngairmeacha a chur chun cinn gan eagla roimh idirdhealú (mar shampla, ar fhorais inscne, aoise, míchumais, tionscnaimh eitnigh, reiligiúin agus gnéaschlaonta) agus pá comhionann as obair chomhionann a fháil, chomh maith le deiseanna comhionanna ar fhás gairmiúil agus pearsanta. Áirítear leis sin freisin ionaid oibre a oiriúnú chun go mbeidh siad inrochtana agus cuimsitheach do dhaoine faoi mhíchumas, lena n-áiritheofar gur féidir le gach oibrí a bheith rannpháirteach agus rannchuiditheach, chun ionad oibre agus sochaí níos dinimiciúla agus níos cuimsithí a chothú mar sprioc dheiridh.

iii. Ina theannta sin, i gcás oibrithe faoi mheirse obair neamhdhearbhaithe nó thearcdhearbhaithe, nuair a aistríonn siad ón ngeilleagar neamhfhoirmiúil go dtí an geilleagar foirmiúil, faigheann siad rochtain ar dheimhneacht dhlíthiúil, ar an gceart chun ionadaíochta, ar shochair chosanta sóisialta, agus ar thuilleamh leordhóthanach agus pá cothrom, rud a fheabhsaíonn a slándáil airgeadais phearsanta agus a ndínit. Ar leibhéal na sochaí, áirithítear leis an aistriú sin socruithe oibre dlíthiúla feabhsaithe agus ioncam cánach méadaithe, rud a chothaíonn sochaí níos cothroime.

iv. Is féidir leis na gnéithe sin muinín a chothú i bhfostóirí agus in institiúidí poiblí araon, rud a chothaíonn tuilleadh comhtháthú sóisialta agus athléimneacht sa mhargadh saothair.

- **Is gnéithe lárnacha de cháilíocht poist iad céim agus cineál na cosanta sóisialta atá ar fáil do chineálacha éagsúla fostaíochta. Cuidíonn poist ardcháilíochta freisin le bochtaineacht an lucht oibre a chosc, lena n-áirítear trí shochair laistigh den obair a sholáthar i gcás inarb iomchuí.**

i. Leis an gcosaint shóisialta áirithítear slándáil ioncaim agus rochtain ar sheirbhísí i gcás na dífhostaíochta ainneonaí, na breoiteachta, na saoire cúraim, tionóiscí a bhaineann leis an obair, galair cheirde agus míchumas, agus bíonn feidhm ag an méid sin maidir le hoibrithe ar scor agus le marthanóirí níos déanaí sa saol.

ii. Teastaíonn an chosaint shóisialta ó gach duine tráth éigin le linn a saoil oibre nó ina dhiaidh. Sa chleachtas, áfach, ina measc siúd atá gníomhach ó thaobh an gheilleagair de táthar ann nach féidir rannchuidiú leis an gcosaint shóisialta ná rochtain a fháil uirthi, toisc go bhféadfadh sé gur le haghaidh gnáthchaidrimh fostaíochta a bhíonn na teidlíochtaí sin ceaptha go traidisiúnta. D'fhéadfadh sé nach mbeadh cumhdach leordhóthanach ag daoine féinfhostaithe nó ag daoine i gcineálacha neamhchaighdeánacha fostaíochta, ag brath ar an gcomhthéacs tírshonrach. Tá an rochtain ar chórais phinsin leordhóthanacha agus inbhuanaithe ríthábhachtach chun caighdeáin mhaireachtála a choinneáil ar an leibhéal céanna agus chun bochtaineacht sa tseanaois a chosc, agus dá réir sin is gné den cháilíocht poist í sin freisin. I gcórais phinsin a bhaineann le tuilleamh, tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, go mbeidh gach oibrí — lena n-áirítear daoine féinfhostaithe — in ann teidlíochtaí leordhóthanacha a fhabhrú le linn a ngairmréime. Chun tacú leo siúd nach gcumhdaítear go leordhóthanach le scéimeanna slándála sóisialta agus atá neamhchosanta ar éiginnteacht mhór san ioncam, tá sé tábhachtach bearnaí cumhdaigh fhoirmiúil a dhúnadh agus a áirithiú gur féidir leo teidlíochtaí cosanta sóisialta a charnadh agus rochtain a fháil orthu. Ba cheart do scéimeanna leibhéal leordhóthanach tacaíochta a chur ar fáil go tráthúil agus i gcomhréir le himthosca náisiúnta, lena n-áiritheofar caighdeán maireachtála sásúil agus athsholáthar ioncaim iomchuí. Ina theannta sin, ba cheart trédhearcacht, simpliú, agus éascú chaomhnú, charnadh agus inaistritheacht na gceart a chur chun cinn.

iii. I gcás inar gá, trí thacaíocht a thabhairt do dhaoine i bpoist ísealdéine oibre trí shochair laistigh den obair, is féidir an obair a dhéanamh níos tarraingtí freisin trí thuilleamh a chomhlánú go sealadach le tacaíocht ioncaim, go háirithe le linn tréimhsí gearra fostaíochta.

iv. Chomh maith le teidlíochtaí cosanta sóisialta a charnadh agus tacaíocht ioncaim a bheith ar fáil, tá sé ríthábhachtach rochtain a bheith acu ar sheirbhísí cumasúcháin leordhóthanacha inacmhainne chun rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a chur chun cinn. Is gnéithe tábhachtacha de cháilíocht poist iad seirbhísí amhail cúram sláinte coisctheach (lena n-áirítear meabhairshláinte), cúram leanaí, cúram fadtéarmach agus cláir folláine, ar féidir tacú leo freisin trí shochair fostaithe.

## 3. An bealach chun cinn

**Trí cháilíocht poist a chur chun cinn, is féidir geilleagar sóisialta margaidh an Aontais a neartú trí thacú le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta agus trí bhorradh a chur faoin táirgiúlacht, rud a chuirfidh ar chumas oibrithe agus gnólachtaí araon rath a bheith orthu i ngeilleagar domhanda iomaíoch.** Dá ndéanfaí fostaíocht ardcháilíochta a fheabhsú a thuilleadh de réir na ngnéithe beartais a leagtar amach sa Tuairim seo, rachadh sé chun tairbhe d'oibrithe agus don tsochaí ina hiomláine agus d'fhéadfadh sé freisin margadh saothair an Aontais a dhéanamh níos tarraingtí do dhaoine tréitheacha laistigh agus lasmuigh den Aontas, rud atá ríthábhachtach i gcomhthéacs an athraithe dhéimeagrafaigh, na nganntanas lucht saothair, agus na hiomaíochta domhanda le haghaidh scileanna. Ós rud é go seolfar *Plean Gníomhaíochta do Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta*, ar plean nua é, agus *Treochlár maidir le Poist Ardchaighdeáin* sna míonna amach romhainn, tá EMCO ag tnúth le plé a dhéanamh ar thionscnaimh de chuid an Aontais amach anseo lena gcuirfear cáilíocht poist chun cinn agus tá sé faoi réir— in éineacht lena fhoghrúpaí — chun tacú leis an gComhairle agus leis an gCoimisiún na hiarrachtaí sin a chomhordú, lena n-áirítear trí chreat láidir faireacháin maidir le cáilíocht poist a bhailchríochnú i gcomhthéacs an tSeimeastair Eorpaigh. Ag an am céanna, ba cheart tionscnaimh agus gníomhaíochtaí nua a cheapadh ar bhealach comhtháite, d'fhonn a mbreisluach a uasmhéadú, agus comhlántacht le beartais an Aontais atá ann cheana á cur san áireamh, agus an t-ualach riaracháin nach bhfuil gá leis á íoslaghdú.

**Iarscríbhinn — Creat nuashonraithe maidir leis na gnéithe a bhaineann le cáilíocht poist**

*[Tá líne faoi na nuashonruithe ar chreat reatha EMCO 2017]*

i. **Tuilleamh leordhóthanach agus pá cothrom**

ii. **Slándáil poist agus gairme**

iii. **Forbairt scileanna agus dul chun cinn gairme**

iv. **Infhostaitheacht**

v. **Sláinte agus sábháilteacht ag an obair**

vi. **Folláine san ionad oibre**

vii. **Am oibre**

viii. **Neamhspleáchas**

ix. **Ionadaíocht agus eagrú comhleasa**

x. **Cothromaíocht oibre agus saoil**

xi. **Comhionannas inscne agus comhdheiseanna**

xii. **Cosaint shóisialta**

xiii. **Deireadh a chur le hobair neamhdhearbhaithe nó obair thearcdhearbhaithe**